Acmhainn 16 (Gn omh 7)

Bileog Faisnéise ar an Ghinmhilleadh (1 de 6)

Cad is ciall le 'ginmhilleadh'?

Tagraíonn 'ginmhilleadh' do luathbhaint an fhéatais ón útaras, bíodh sin go nádúrtha, i gcás mairfeachta, nó d'aonturas. Sa lá atá inniu ann, ní úsáidtear an focal 'ginmhilleadh' ach le tagairt a dhéanamh do luathbhaint bheartaithe trí úsáid ceimiceán nó trí obráid.

Tá tuairim ag formhór na ndaoine ar an ghinmhilleadh, agus reáchtáiltear a lán feachtas ar an ábhar ina lán tíortha. De ghnáth, bíonn dhá chatagóir le sonrú:

- Tacadóirí a bhíonn 'ar son na beatha': Creideann na daoine seo gur ceart an bhéim a bheith ar chearta an linbh gan bhreith.
- Tacadoirí a bhíonn 'ar son na rogha': creideann na daoine seo gur faoin bhean féin atá sé cinneadh a dhéanamh cé acu ba mhaith léi deireadh a chur lena toircheas nó nár mhaith.

Cad a tharla onn?

Is féidir ginmhilleadh a dhéanamh ar dhóigheanna éagsúla:

Roimh 9 seachtaine de thoireachas: An Piollaire Ginmhillte

Glactar dhá dhruga éagsúla thar thrí nó ceithre de chuairteanna ar chlinic. Tarraingíonn na drugaí mairfeacht. Tá baol mór go n-éireoidh fo-iarsmaí do dhaoine a bhfuil riochtaí áirithe sláinte acu; mar sin tá comhairle chúramach míochaine riachtanach roimh an mhodh seo a úsáid.

Roimh 12 sheachtain de thoireachas: Fead n S ite

Cuirtear feadán súite isteach san útaras agus súitear an féatas ar shiúl.

12-24 seachtain de thoireachas: Ginmhilleadh M inliachta

Déantar obráid leis an fhéatas a bhaint amach tríd an fhaighin. Leatar an ceirbheacs, agus tugtar ainéistéiseach ginearálta. Tá baol go ndéanfar damáiste don útaras, agus baol ionfhabhtaíochta, crampaí pianmhara agus baol go ndéanfar ginmhilleadh neamhiomlán.

Acmhainn 16 (Gn omh 7)

Bileog Faisnéise ar an Ghinmhilleadh (2 de 6)

C chomh forbartha at f iteas ag tr imhs ags la sa toircheas?

Tomhaistear fad toirchis de ghnáth ó dháta an mhíostraithe ba dhéanaí, go dtí 40 seachtain i ndiaidh an dáta seo. Tarlaíonn toirchiú de ghnáth, áfach, thart ar dhá sheachtain i ndiaidh an mhíostraithe ba dhéanaí.

Toirchi
Tarlaíonn seo de ghnáth taobh istigh de lá ón chaidreamh collaí. Tá géinitic an duine i láthair. Cinntíonn an fhaisnéis seo cineál, dath na súl, dath na gruaige, na ceannaithe agus bíonn tionchar aici ar ghnéithe amhail éirim agus pearsantacht.

Tr Seachtaine i ndiaidh Toirchithe
Tá na súile, corda an dromlaigh agus an inchinn á bhfoirmiú.

Ceithre Seachtaine i ndiaidh Toirchithe
Tá an croí ag bualadh agus tá baill inmheánacha, amhail na scamhóga, i mbéal forbartha.

Seacht Seachtaine i ndiaidh Toirchithe
Tosaíonn na matáin agus na néaróga ag oibriú le chéile.

Naoi Seachtaine i ndiaidh Toirchithe
Tá an féiteas anois breis agus 90% foirmithe. Tig leis bogadh go saor

Deich Seachtaine i ndiaidh Toirchithe
Tá gach cuid den inchinn agus de chorda an dromlaigh foirmithe.

14 Seachtaine i ndiaidh Toirchithe
Déanann an féiteas gluaiseachtaí comhordaithe leis na lámha agus leis na cosa.

18 Seachtaine i ndiaidh Toirchithe
Tá an chuid den inchinn a bhaineann le réasúnú agus le cuimhne lánfhorbartha.

24 Seachtain i ndiaidh Toirchithe
In ann blaiseadh, agus greim a fháil ar rud gluaisteach

28 Seachtain i ndiaidh Toirchithe
Má bheirtear anois agus má thugtar cúram speisialaithe dó, tá an ráta marthanais níos mó ná 95%

38 Seachtain i ndiaidh Toirchithe
An gnátham a bheirtear daoine.

"Abortion Facts". Le James D. Agresti. Just Facts, October 20, 2002. Athbhreithnithe 2/5/08. http://www.justfacts.com/abortion.asp

Acmhainn 16 (Gn omh 7)

Bileog Faisnéise ar an Ghinmhilleadh (3 de 6)

Cad faoin ghinmhilleadh i dTuaisceart ireann?

Tá an ginmhilleadh neamhdhleathach i dTuaisceart Éireann ach amháin más gá le beatha na máthar a shábháil, nó má tá baol mór díobhála ann dá sláinte coirp nó intinne má leantar leis an toircheas. Sa bhliain 2006, rinneadh 80 ginmhilleadh míochaine i dTuaisceart Éireann.

Má fhaightear amach go bhfuil éalanga ar an fhéiteas, tá sé neamhdhleathach ginmhilleadh a dhéanamh ar an chúis sin.

Sa bhliain 2006, chuaigh 1,295 bean go Sasana nó go dtí an Bhreatain Bheag le ginmhilleadh a fháil.
Tharla díospóireacht i dTionól Thuaisceart Éireann i mí Meithimh 2000 ar shaincheist dlí an ghinmhillte i dTuaisceart Éireann, agus aontaíodh nach mbeadh athrú ar bith ar dhlí an ghinmhillte gan aontú na bpríomhpháirtithe uile.

Cad faoin ghinmhilleadh sa chuid eile den Domhan?

Sa bhliain 2003, ba é líon na nginmhilltí ionduchtaithe ar fud an domhain 42 milliún, beagnach. Críochnaítear thart ar cheann amháin as gach cúig thoircheas ar fud an domhain le ginmhilleadh.

As gach 1,000 bean ar fud an domhain atá in aois leanaí a shaolú (15-44), measadh go raibh ginmhilleadh ionduchtaithe ag 29 acu sa bhliain 2003.

Tarlaíonn an chuid is mó de ghinmhilltí i dtíortha i mbéal forbartha – 35 milliún sa bhliain, i gcomparáid le seacht milliún i dtíortha forbartha – éagothroime a léiríonn den chuid is mó an dáileadh daonra coibhneasta. Ar an lámh eile, tá an dealraitheacht go mbeidh ginmhilleadh ag bean beagnach mar an gcéanna is cuma í ina cónaí i réigiún forbartha nó i réigiún i mbéal forbartha; sa bhliain 2003, bhí 26 ginmhilleadh do gach 1,000 bean 15-44 bliain d'aois i dtíortha forbartha i gcomparáid le 29 do gach 1,000 bean i dtíortha i mbéal forbartha.

Idir 1995 agus 2005, rinne 17 dtír a ndlíthe níos liobrálaí le teacht ar ghinmhilleadh sábháilte a leathnú: an Albáin, an Beinin, an Bhútáin, Buircíne Fasó, an Chambóid, Sead, an Cholóim, an Aetóip, an Ghuine, an Mhailí, Neipeal, an Phortaingéil, Saint Lucia, an Afraic Theas, an tSuasalainn, an Eilvéis agus Tóga. Ghéaraigh trí thír ar theorannú ar an ghinmhilleadh: an tSalvadóir, Nicearagua agus an Pholainn.

Acmhainn 16 (Gn omh 7)

Bileog Faisnéise ar an Ghinmhilleadh (4 de 6)

T bla 1

Teagmhas agus R ta .
Measta ch in dhomhanda agus r igi nacha ar ghinmhilleadh spreagtha

Reigi n agus Fo-r igi n	L on na nginmhillte (milli n)		R ta ginmhillte*	
	1995	2003	1995	2003
Domhan	45.6	41.6	35	29
T ortha Forbartha Oirthear na hEorpa as an ireamh	10.0 3.8	6.6 3.5	39 20	26 19
T ortha i mB al Forbartha** An tS n as an ireamh	35.5 24.9	35.0 26.4	34 33	29 30
Measta ch in de r ir R igi in				
An Afraic	5.0	5.6	33	29
An ise	26.8	25.9	33	29
An Eoraip	7.7	4.3	48	28
Meirice Laidineach	4.2	4.1	37	31
Meirice Tuaisceartach	1.5	1.5	22	21
an Aig ine	0.1	0.1	21	17

* **Ginmhillte i ngach 1,000 bean idir 15-44 bliain d'aois**

** **T ortha san Afraic, i gCr ocha Mheirice (Ceanada agus St it Aontaithe Mheirice as an ireamh), san ise (an tSeap in as an ireamh) agus san Aig ine (An Astr il agus an Nua-Sh alainn as an ireamh).**

an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte,
http://who.int/reproductivehealth/unsafe_abortion/induced_ abortion_worldwide.pdf

T bla 2

C iseanna le ginmhilleadh a chead go dl thi il in 193 t r, 2001

	Le saol na mn a sh bh il	Le foll ine coirp chaomhn	Le sl inte intinne a chaomhn	igni n Ciorr coil	Lot f iteais	F thanna eacnama ochta n s isialta	Ar iarratas
Gach t r (= 193)							
Ceadaithe	**189**	**122**	**120**	**83**	**76**	**63**	**52**
Neamhcheadaithe	**4**	**71**	**73**	**110**	**117**	**130**	**141**
T ortha Forbartha (= 48)							
Ceadaithe	**46**	**42**	**41**	**39**	**39**	**36**	**31**
Neamhcheadaithe	**2**	**6**	**7**	**9**	**9**	**12**	**17**
T ortha i mB al Forbartha (= 145)							
Ceadaithe	**143**	**80**	**79**	**44**	**37**	**27**	**21**
Neamhcheadaithe	**2**	**65**	**66**	**101**	**108**	**118**	**124**

Foinse N isi in Aontaithe[12]

Roinn Daonra Náisiúin Aontaithe, Roinn Eacnamaíochta agus Sóisialta.
Beartas Domhanda Ginmhillte. Nua-Eabhrac, Náisiúin Aontaithe, 2001 (cairt bhalla).

Acmhainn 16 (Gn omh 7)

Bileog Faisnéise ar an Ghinmhilleadh (6 de 6)

Ginmhilleadh S bh ilte agus Neamhsh bh ilte

Tá an sainmhíniú seo ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar an ghinmhilleadh neamhshábháilte: modh le deireadh a chur le toircheas neamhbheartaithe a chuirtear i gcrích ag daoine nach bhfuil na scileanna cuí acu nó i suíomh nach bhfuil de réir íoschaighdeán míochaine, nó an dá rud le chéile.

Ar fud an domhain, tá 48% de ghinmhillte spreagtha neamhshábháilte. Sna réigiúin fhorbartha, áfach, tá na ginmhillte uile, beagnach, (92%) sábháilte, áit a bhfuil breis is an leathchuid acu (52%) sna tíortha i mbéal forbartha neamhshábháilte.

Meastar go gcuirtear cuig mhilliún bean gach bliain le haghaidh cóir leighis ar aimhréidhe a bhaineann le ginmhilleadh, mar shampla rith fola agus seipseas. Meastar go dtarlaíonn 13% de bhásanna máthartha ar fud an domhain, 67,000 sa bhliain, mar gheall ar aimhréidh de bharr modhanna neamhshábháilte ginmhillte.

An Eagraíocht Domhanda Sláinte,
http://who.int/reproductivehealth/unsafe_abortion/induced_abortion_worldwide.pdf

Acmhainn 17 (Gn omh 7)

Fáthanna Ar Mhaith Le Daoine Áirithe Ginmhilleadh

Thíos tá liosta d'fháthanna féideartha ar mhaith le duine ginmhilleadh. Do gach ráiteas, déan cinneadh cad é a shíleann tú: tá an fáth sin maith go leor, níl sé maith go leor nó níl tú cinnte faoi. Ansin cuir tic sa bhosca chuí. Tá boscaí bána fágtha duit le cur leis na fáthanna más maith leat.

F th	Maith go leor	N l s maith go leor	N l m cinnte
Níl mé pósta/níl céile agam			
Tá mé go fóill ag staidéar ar an ollscoil			
Níor mhaith liom a bheith i mo thuismitheoir			
Ní maith liom páistí ar chor ar bith			
Níl sé d'acmhainn agam páiste a thógáil			
Níl aon suim ag athair an linbh			
Tá pleananna eile agam amach anseo – beidh páiste sa bhealach orm			
Tá mé go fóill ar scoil (faoi 16 bliana d'aois)			
Tá mé go fóill ar scoil (16-18 bliain d'aois)			
Beidh drochmheas ag daoine orm cionn is go bhfuil mé torrach			
Tarraingeoidh mé náire ar mo theaghlach			
Tá mé torrach de bharr caidrimh le fear pósta			
Tabharfaidh mo thuismitheoirí bóthar dom agus séanfaidh siad mé			
Tá mé torrach de bharr mí-úsáid ghnéasach			
Tá mé torrach de bharr éignithe			
Tá mo bheatha i mbaol mar gheall ar an toircheas			
Beidh mo pháiste faoi mhíchumas coirp agus beidh cúram de dhíth air fad a shaoil			
Beidh mo pháiste faoi mhíchumas intinne agus beidh cúram de dhíth air fad a shaoil			